

Scéim Comhionannais don Fhoras Teanga

Faighte ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann ar an
16 Meán Fómhair 2025

Arna dhréachtú de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland* *Act*) 1998 (faofa an 26 Samhain 2025)

Tá an doiciméad seo ar fáil i raon formáidí



An Malartán Árbhair
31 Sráid Gordon
Béal Feirste
BT1 2LG



1ú Urlár
Foirgnimh an Chleandair
6 Sráid an Chleandair
Béal Feirste
BT1 5BN

Sonraí teagmhála

Ba cheart gach ráiteas, iarratas agus fiosrúchán faoin aon ní sa doiciméad seo a chur chuig duine amháin acu seo a leanas:

Gníomhaireacht na hUltaise

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2L

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

Réamhrá

Ceanglaíonn Alt 75 den d'Acht Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Act) 1998 (an tAcht) ar údarais phoiblí, agus iad ag cur a gcuid feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann de láimh, aird chuí a bheith acu ar an ngá comhionannas comhdheiseanna a chur chun cinn as aird a bheith acu ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn i raon catagóirí ar a dtugtar breac-chuntas san Acht.¹

De bhrí go bpléann 2 ghníomhaireacht an Fhorais Teanga le saincheisteanna éagsúlachta i dteanga, cultúr agus féiniúlacht, táimid in áit speisialta chun fiosrúchán agus bailíochtú na bhféiniúlachtaí agus na gcaidreamh casta a éascú ag gach leibhéal ón duine aonair trí leibhéal an phobail go dtí leibhéal uile-oileáin. Tá na féiniúlachtaí agus caidrimh seo ilchineálach agus, ní mór béim a chur air, ní gá go bhfuil siad comheisiach ag na leibhéil éagsúla seo.

Inár scéim leagaimid amach conas a bheartaíonn an Foras Teanga Thuaidh/Theas² dualgais reachtúla Alt 75 a chomhlíonadh.

Geallfaimid na hacmhainní riachtanacha i dtéarmaí daoine, am agus airgead chun a chinntiú go gcloítear le dualgais reachtúla Alt 75, agus go gcuirfear an scéim comhionannais i bhfeidhm go héifeachtach, agus in am.

Geallaimid go mbeidh socruithe inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid dhualgais reachtúla Alt 75 agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn.

Forbróimid agus seachadfaimid clár cumarsáide agus oiliúna a mbeidh d'aidhm aige a chinntiú go gcuirfear ár mbaill foirne agus boird uile go hiomlán ar an eolas maidir lenár scéim comhionannais agus go dtuigfidh siad na gealltanais agus na hoibleagáidí atá istigh inti. Forbróimid clár ardaíthe feasachta dár gcomhairlithe maidir le dualgais reachtúla Alt 75 agus ár ngealltanais inár scéim comhionannais.

Táimidne, Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise agus Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, go hiomlán tiomnaithe dár ndualgais reachtúla Alt 75 a chomhlíonadh go héifeachtach inár bhfeidhmeanna uile a dhéantar i dTuaisceart Éireann (lena n-áirítear soláthar seirbhíse, fostaíocht agus soláthar) trí chur i bhfeidhm éifeachtach ár scéime comhionannais.

Táimid ag súil le breathnú ar impleachtaí na Straitéise le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú agus na Straitéise do Theanga, Oidhreacht agus Cultúr na hUltaise, atá ag teacht chun cinn, maidir le mór-réimse an chomhionannais.

Is eol dúinn an ról tábhachtach atá le himirt ag an earnáil pobail agus dheonach agus ag an bpobal i gcoitinne lena chinntiú go gcuirtear dualgais reachtúla Alt 75 i bhfeidhm go héifeachtach. Léiríonn ár scéim comhionannais a dhaingne atá ár rún a chinntiú go bhfuil deiseanna ann do dhaoine a dtéann ár n-obair i bhfeidhm orthu le tionchar a imirt ar an gcaoi a gcuirimid ár bhfeidhmeanna de láimh de réir ár ndualgas reachtúil Alt 75.

¹ Féach cuid 1.1 dár scéim comhionannais.

² Chun críocha Alt 75, is é an t-údarás poiblí ainmnithe an Foras Teanga arb ionann é agus Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge.

Cuireann sé ar fáil freisin an modh trínar féidir le daoine gearáin a dhéanamh má théann teip dár gcuid cloí lenár scéim comhionannais, ina dtuairim, i bhfeidhm go díreach orthu.

Thar ceann an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas agus thar ceann ár bhfoirne tá áthas orainn tacú agus seasamh leis an scéim comhionannais seo a dréachtaíodh de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus threoirlínte an Choimisiúin Comhionannais.

Gníomhaireacht na hUiltise

Keith Gamble

Keith Gamble, Cathaoirleach

Ian Crozier

Ian Crozier, Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 23 Meitheamh 2025

Foras na Gaeilge

Regina Uí Chollatáin

An tOllamh Regina Uí Chollatáin, Cathaoirleach

Seán Ó Coinn

Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 23 Meitheamh 2025

Clár na nÁbhar

Scéim Comhionannais don Fhoras Teanga	1
Sonraí teagmhála	2
Réamhrá	3
Clár na nÁbhar	5
Caibidil 1	7
Réamhrá.....	7
Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998	7
Conas a bheartaímid dualgais Alt 75 maidir le feidhmeanna ábhartha an Fhorais Teanga a chomhlíonadh.....	7
Cé sinn agus céard a dhéanaimid?.....	8
Gníomhaireacht na hUltaise	8
Foras na Gaeilge.....	8
Caibidil 2	10
Ár socruithe chun ár gcomhlíontacht a mheasúnú maidir le dualgais Alt 75.....	10
Freagrachtaí agus tuairisciú	10
Plean gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta	12
Caibidil 3	15
Ár socruithe le haghaidh comhairliúcháin	15
Caibidil 4	19
Ár socruithe le haghaidh.....	19
tionchar polasaithe a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a fhoilsiú	19
Ár socruithe maidir le measúnacht a dhéanamh ar thionchar dóchúil polasaithe a ghlactar nó a mholtar a ghlacadh maidir le chur chun cinn comhionannas deiseanna (Sceideal 9 (4) (2) (b)).....	19
Scagadh.....	20
Measúnacht tionchair comhionannais	22
Ár socruithe maidir le torthaí na measúnachtaí ar thionchair dhóchúla polasaithe a ghlacamar nó a bheartaímid a ghlacadh ar chur chun cinn comhionannais deiseanna a fhoilsiú (Sceideal 9 (4) (2) (d); Sceideal 9 (9) (1))	23
An méid a fhoilsímid	23
An chaoi a bhfoilseoidimid eolas.....	24
An áit a bhfoilseoidimid an t-eolas	24
Ár socruithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar aon tionchar díobhálach polasaithe ar chomhionannas deiseanna (Sceideal 9 (4) (2) (c))	25
Ár socruithe maidir le torthaí ár monatóireachta a fhoilsiú	26
(Sceideal 9 (4) (2) (d))	26

Caibidil 5	27
Oiliúint foirne	27
Tiomantas d'oiliúint foirne	27
Cuspóirí oiliúna	27
Socruithe maidir le hardú feasachta agus oiliúint.....	28
Monatóireacht agus athbhreithniú	28
Caibidil 6	29
Ár socruithe maidir le rochtain phoiblí ar eolas agus seirbhísí a chuirimid ar fáil a chinntiú agus a mheasúnú	29
Rochtain ar sheirbhísí	30
Caibidil 7	31
Clár ama do bhearta a bheartaímid sa scéim comhionannais seo.....	31
Caibidil 8	32
Ár nós imeachta maidir le gearáin	32
Caibidil 9	35
Foilsiú ár scéime comhionannais	35
Caibidil 10	37
Athbhreithniú ar ár scéim comhionannais.....	37
Aguisín 1a.....	38
Aguisín 1b.....	39
Aguisín 2.....	40
Aguisín 3.....	41
Aguisín 4.....	44
Aguisín 5.....	48

Caibidil I

Réamhrá

Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

1.1 Ceanglaíonn Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (the Northern Ireland Act) 1998 ar an bhForas Teanga cloí le dhá dhualgas reachtúla:

Alt 75 (1)

Agus sinn ag cur ár gcuid feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann de láimh ceanglaítear orainn aird chuí a bheith againn ar an ngá comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir

- daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta nó claonadh gneis dóibh;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil;
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Alt 75 (2)

Chomh maith leis sin, gan dochar do na hoibleagáidí thuas, ní mór dúinn, agus sinn ag cur ár gcuid feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann de láimh, aird a bheith againn ar a inmhianaithe agus atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh.

I measc 'feidhmeanna' tá 'cumhachtaí agus dualgais' údaráis phoiblí.³ Áirítear leis seo ár bhfeidhmeanna fostaíochta agus soláthair.

Féach thíos faoi 'Cé sinn agus céard a dhéanaimid' le haghaidh míniú mionsonraithe ar ár bhfeidhmeanna.

Conas a bheartaímid dualgais Alt 75 maidir le feidhmeanna ábhartha an Fhorais Teanga a chomhlíonadh

1.2 Ceanglaíonn Sceideal 9 (4) (1) den Acht ar an bhForas Teanga mar údarás poiblí ainmnithe a leagan amach i scéim comhionannais conas a bheartaíonn sé na dualgais a cheanglaíonn Alt 75 a chomhlíonadh maidir lena fheidhmeanna ábhartha. Tá an scéim comhionannais seo ceaptha chun an riachtanas reachtúil sin a chur i gcrích. Is ráiteas é ar ár socruithe chun dualgais reachtúla Alt 75 a chomhlíonadh agus is é ár bplean é chun iad a chur i bhfeidhm.

³ Alt 98 (1) d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*) 1998.

1.3 Gabhaimid orainn féin ár n-oibleagáidí Alt 75 a chomhlíonadh i ngach cuid dár n-eagraíocht agus geallfaimid na hacmhainní riachtanacha i dtéarmaí daoine, am agus airgead chun a chinntiú go gcloítear le dualgais reachtúla Alt 75, agus go gcuirfear ár scéim comhionannais i bhfeidhm go héifeachtach.

Cé sinn agus céard a dhéanaimid?

1.4 Is aon chomhlacht amháin é an Foras Teanga a thuairiscíonn don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ach tá dhá ghníomhaireacht ar leith ann atá, ar an mórchuid, féinrialaitheach: Gníomhaireacht na hUltaise (Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus Foras na Gaeilge. Is iad na Ranna Coimircíochta don Fhoras teanga an Roinn Pobal i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Forbartha Tuithe agus Pobail agus Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann.

Gníomhaireacht na hUltaise

1.5 Is é feidhm Ghníomhaireacht na hUltaise feasacht níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheistanna cultúrtha Ultaise a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

1.6 Agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir leis an Ultais agus le saincheistanna cultúrtha Ultaise, féadfaidh an Gníomhaireacht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- comhairle a thabhairt don 2 lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- tabhairt faoi thaighde agus faoi fheachtais fógraíochta; agus
- tabhairt faoi thacaíocht do thionscadal agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus grúpaí de réir mar is gá.

1.7 Tá príomhoifig na Gníomhaireachta i mBéal Feirste agus tá fo-oifig i Ráth Bhoth (Co. Dhún na nGall). Tá faoi láthair 15.77 ball foirne i bpost agus i gceannas ar an eagraíocht tá Príomhfheidhmeannach agus 3 Stiúrthóir. Leagtar struchtúr na heagraíochta amach in Aguisín A.

Foras na Gaeilge

1.8 Tá freagracht ar Fhoras na Gaeilge as an nGaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Tá ról aige i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus grúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theannta sin gabhann sé tionscadail tacaíochta de láimh agus tugann sé cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileán na hÉireann.

1.9 Is iad feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt

Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;

- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais fógraíochta, caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú leis an nGaeloideachas agus le teagasc na Gaeilge.

1.10 Tá príomhoifig na heagraíochta i mBaile Átha Cliath, le fo-oifigí i mBéal Feirste, Ráth Chairn agus Dún Seachlainn (Co. na Mí) agus Gaoth Dobhair (Co. Dhún na nGall). Tá faoi láthair 63 ball foirne i bpost agus i gceannas ar an eagraíocht tá Príomhfheidhmeannach agus 4 Stiúrthóir. Leagtar struchtúr na heagraíochta amach in Aguisín A.

Caibidil 2

Ár socruithe chun ár gcomhlíontacht a mheasúnú maidir le dualgais Alt 75

(Sceideal 9 (4) (2) (a))

2.1 Tugtar breac-chuntas ar roinnt dár socruithe chun ár gcomhlíontacht a mheasúnú maidir le dualgais reachtúla Alt 75 i gcodanna eile den scéim comhionannais seo:

- socruithe maidir le comhairliúchán ar gach gné de chur i bhfeidhm ár ndualgas comhionannais – féach Caibidil 3;
- socruithe maidir le tionchar polasaithe a mheasúnú – féach Caibidil 4, míreanna 4.1-4.18;
- socruithe maidir le torthaí measúnachta a fhoilsiú – féach Caibidil 4 míreanna 4.19-4.26;
- socruithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionchair polasaithe – féach Caibidil 4 míreanna 4.27-4.31;
- socruithe maidir le torthaí na monatóireachta a fhoilsiú – féach Caibidil 4 míreanna 4.32-4.35;
- socruithe maidir le rochtain phoiblí ar eolas agus seirbhísí a chuirimid ar fáil a chinntiú agus a mheasúnú – féach Caibidil 6;
- socruithe chun déileáil le gearáin – féach Caibidil 8.

Chomh maith leis sin, tá na socruithe seo a leanas i bhfeidhm againn chun ár gcomhlíontacht a mheasúnú.

Freagrachtaí agus tuairisciú

2.2 Gabhaimid orainn féin ár ndualgais Alt 75 a chomhlíonadh i ngach cuid dár n-obair.

2.3 Tá freagracht as cur i bhfeidhm éifeachtach ár scéime comhionannais ar Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaireacht na hUltaise agus Fhoras na Gaeilge. Tá gach Príomhfheidhmeannach cuntasach don Bhord cuí agus, i gcomhpháirt, don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas as forbairt, cur i bhfeidhm, cothabháil agus athbhreithniú na scéime comhionannais de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, lena n-áirítear aon dea-chleachtas nó teorach a d'eisigh an Coimisiún Comhionannais nó a fhéadfaidh an Coimisiún Comhionannais a eisiúint.

2.4 Má tá aon cheist nó ráiteas agat maidir lenár scéim comhionannais, déan teagmháil ar an gcéad dul síos, le do thoil, le duine de na hoifigigh ainmnithe ag an seoladh a thugtar thíos agus freagróimid ort a luaithe agus is féidir:

Gníomhaireacht na hUltaise

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste, BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

2.5 Beidh cuspóirí agus spriocanna a bhaineann leis na dualgais reachtúla comhtháite isteach inár bpleananna straitéiseacha agus oibríochtúla faoi seach.⁴

2.6 Léireoidh sainchuntais phoist agus pleananna feidhmíochta fostaithe an méid a chuirfidh siad le comhlíonadh dhualgais reachtúla Alt 75 agus cur i bhfeidhm na scéime comhionannais, nuair atá ábhartha. Tá na pleananna feidhmíochta pearsanta faoi réir breithmheasa san athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht.

2.7 Cé gur comhscéim í seo, ullmhóimid pleananna gníomhaíochta agus tuarascálacha bliantúla faoi leith ar an dul chun cinn atá déanta ag gach Gníomhaireacht maidir leis na socruithe a leagtar amach sa scéim comhionannais seo a chur i bhfeidhm chun ár ndualgais reachtúla Alt 75 a chomhlíonadh (tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn Alt 75). Cuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hAlt 75 go dtí an Coimisiún Comhionannais faoin 31 Lúnasa gach bliain agus leanfaidh sí aon treoir ar thuairisciú bliantúil arna eisiúint ag an gCoimisiún Comhionannais. Beidh dul chun cinn ar

⁴ Féach Aguisín 4 'Clár ama le haghaidh bearta a bheartaítear' agus cuid 2.11 den scéim comhionannais seo.

sheachadadh dhualgais reachtúla Alt 75 san áireamh i dtuarascáil bhliantúil gach Gníomhaireachta freisin.

2.8 Cuirfear an tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn ar Alt 75 ar fáil ar shuíomh gréasáin ga Gníomhaireachta:

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

Is féidir í a fháil freisin ach teagmháil a dhéanamh le:

Gníomhaireacht na hUltaise

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste, BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

2.9 Beimid i ndlúth-theagmháil leis an gCoimisiún Comhionannais chun a chinntiú go gcoinnítear le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm ár scéim comhionannais.

Plean gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta

2.10 Gabhaimid orainn féin plean gníomhaíochta a fhorbairt chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn. Foilseofar pleananna gníomhaíochta athnuaite d'Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise laistigh de 6 mhí ó fhaomhadh na Scéime seo.

2.11 Beidh na bearta gníomhaíochta a bheidh inár bplean gníomhaíochta ábhartha dár bhfeidhmeanna a dhéantar i dTuaisceart Éireann. Forbrófar agus cuirfear in ord tosaíochta iad ar bhonn iniúchadh ar neamhionannais. Baileoidh an t-iniúchadh ar neamhionannais agus déanfaidh sé anailís ar fhaisnéis sna catagóirí Alt 75 go léir⁵ chun na neamhionannais atá ann dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dóibh siúd a dtéann ár bpolasaithe i bhfeidhm orthu a shainaithint.⁶

2.12 Beidh bearta gníomhaíochta sonracha, intomhaiste, nasctha le torthaí indéanta, réadúil agus faoi cheangal ama. I measc bearta gníomhaíochta beidh táscairí feidhmíochta agus amscálaí chun iad a dhéanamh.

2.13 Forbróimid aon phleananna gníomhaíochta le haghaidh tréimhse idir bliain agus 5 bliana chun iad a ailíniú lenár dtimthrialla pleanála corparáideacha agus gnó. Beidh cur i bhfeidhm na mbearta gníomhaíochta comhtháite inár bpróiseas pleanála gnó.

2.14 Lorgóimid ionchur ónár bpáirtithe leasmhara agus déanfaimid comhairliúchán ar ár bplean gnó sula gcuirfimid é go dtí an Choimisiún Comhionannais agus ina dhiaidh sin nuair a bheimid ag athbhreithniú an phlean de réir 2.15 thíos.

2.15 Déanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn ar sheachadadh ár mbearta gníomhaíochta go bliantúil agus nuashonróimid an plean gníomhaíochta de réir mar is gá lena chinntiú go bhfanann sé éifeachtach agus ábhartha dár bhfeidhmeanna agus obair. Athbhreithneoidh na hiniúchtaí ar neamhionannais agus pleananna gníomhaíochta 2024-2026 agus ina dhiaidh sin gach 3 bliana, ag lorg ionchur ónár bpáirtithe leasmhara de réir mar is cuí.

2.16 Cuirfimid in iúl don Choimisiún faoi aon athruithe nó leasuithe ar ár bplean gnó agus cuirfimid an t-eolas seo san áireamh freisin inár dtuarascáil bhliantúil don Choimisiún ar dhul chun cinn maidir le hAlt 75. Cuirfear san áireamh inár dtuarascáil ar dhul chun cinn maidir le halt 75 eolas ar dhul chun cinn atá déanta againn maidir lenár bpleananna gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

2.17 A luaithe agus a bheidh sé críochnaithe, beidh ár bplean ar fáil ar ár suíomhanna gréasáin ag:

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

agus trí theagmháil a dhéanamh le:

Gníomhaireacht na hUltaise

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

⁵ Féach cuid 1.1 den scéim seo le haghaidh liosta de na catagóirí seo.

⁶ Féach cuid 4.1 den scéim seo le haghaidh sainmhíniú ar pholasaithe.

nó

Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

2.18 Cuirfear in iúl do chomhairlithe ar an liosta a leagtar amach ag Aguisín 3 maidir le hinfhaighteacht an phlean gníomhaíochta (trí nasc leictreonach nó i gcóip chrua ar iarratas má tá sin níos oiriúnaí d'fhaighteoirí). Má theastaíonn uait é i bhformáid mhalartach, déan teagmháil linn le do thoil ag na sonraí a chuirtear ar fáil.

Caibidil 3

Ár socruithe le haghaidh comhairliúcháin

(Sceideal 9 (4) (2) (a)) - ar nithe ar dócha go mbeadh dualgas (Alt 75 (1) nó (2)) ábhartha dó (lena n-áirítear sonraí na ndaoine a bhfuil comhairliúchán le déanamh leo).

(Sceideal 9 (4) (2) (b)) ar thionchar dóchúlach polasaithe a ghlacaimid nó a mholtar go nglacaimid maidir le cur chun cinn an chomhionannais deiseanna).

3.1 Aithnímid an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán i ngach gné de chur i bhfeidhm ár ndualgas reachtúil comhionannais. Déanfaimid comhairliúchán ar ár scéim comhionannais, bearta gníomhaíochta, measúnachtaí tionchair comhionannais agus nithe eile a bhaineann le dualgais reachtúla Alt 75.

3.2 Gabhaimid orainn féin comhairliúchán a dhéanamh de réir na bprionsabal seo a leanas (mar atá i dtreoir an Choimisiúin Comhionannais *Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 – A Guide for Public Authorities* (Aibreán 2010)):

3.2.1 Lorgóidh gach comhairliúchán tuairimí na ndaoine a dtéann an t-ábhar/polasaí i bhfeidhm orthu, an Coimisiún Comhionannais, grúpaí ionadaíochta chatagóirí Alt 75, údaráis phoiblí eile, grúpaí deonacha agus pobail, ár bhfoireann agus a gceardchumann agus grúpaí eile mar sin a bhfuil leas dlisteanach acu san ábhar, bíodh leas díreach eacnamaíoch nó pearsanta acu nó ná bíodh.

Ar dtús cuirfear in iúl do gach comhairlí (féach Aguisín 3), ar ndóigh, trí ríomhphost faoin ábhar/polasaí a bhfuiltear ag déanamh comhairliúcháin air, chun a chinntiú go bhfuil siad eolach ar gach comhairliúchán. Ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as ár n-acmhainní agus acmhainní ár gcomhairlithe, beidh cur chuige spriocdhírthe againn i leith comhairliúcháin do na comhairlithe sin a bhféadfaidh spéis ar leith a bheith acu san ábhar/polasaí ar a mbeifear ag déanamh comhairliúcháin agus dá bhfuil baint ar leith an ábhar/polasaí. Féadfar go n-áireofar air seo, mar shampla, comhairliúcháin réigiúnacha nó áitiúla, earnála nó téamacha etc.

3.2.2 Tosóidh comhairliúchán le gach páirtí leasmhar a luaithe agus is féidir. Beimid i dteagmháil le daoine agus grúpaí ionadaíochta a bhfuil tionchar orthu chun a shainaithint conas is fearr comhairliúchán nó teagmháil a dhéanamh leo. Iarrfaimid ar ár gcomhairlithe cad iad na modhanna comhairliúcháin is fearr leo agus breithneoidimid iad seo. Is féidir go n-áireofar ar mhodhanna comhairliúcháin:

- Cruinnithe aghaidh ar aghaidh;
- Fócasghrúpaí;
- Doiciméid scríofa, agus an deis ann nóta tráchta a dhéanamh i scríbhinn;
- Ceistneoirí;

- Eolas/fógra i ríomhphost le deis a roghnú a bheith nó gan bheith páirteach sa chomhairliúcháin;
- Cruinnithe fíorúla; nó
- Comhairliúcháin ar ghuthán.

Níl an liosta seo uileghabhálach agus féadfaimid modhanna breise eile comhairliúcháin a fhorbairt a bheidh níos oiriúnaí do phríomhpháirtithe leasmhara agus don ábhar ar a mbeifear ag déanamh comhairliúcháin.

3.2.3 Déanfaimid ár machnamh ar infhaighteacht agus formáid gach modha comhairliúcháin a úsáidimid chun bacanna ar an bpróiseas comhairliúcháin a bhaint ar shiúl. Gabhann an Foras Teanga Thuaidh/Theas air féin cumarsáid sa 2 threo a bhaint amach lena pháirtithe leasmhara agus cuirfidh sé san áireamh an cleachtas agus treo is fearr. Déanfaimid an raon uirlisí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta a fhéadfar a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí a mheasúnú. Déanfar breithniú sonrach ar an gcaoi is fearr cumarsáid a dhéanamh le leanaí agus daoine óga, daoine a bhfuil míchumas acu (go háirithe daoine a bhfuil míchumas foghlama acu) agus pobail eitneacha mhionlaigh. Cuirfimid san áireamh an dea-chleachtas reatha agus an cleachtas is fearr i mbéal forbartha, lena n-áirítear doiciméad an Choimisiúin Comhionannais *Let's Talk, Let's Listen – Guidance for Public Authorities on Consulting and Involving Children and Young People* (2008).

Cuirfear eolas ar fáil go tapa, ar iarratas, i bhformáidí malartacha,⁷ chomh gasta agus is féidir, laistigh de 2-6 seachtaine de ghnáth. Cinnteoidimid go mbeidh an t-am céanna ag comhairlithe mar seo le freagairt.

3.2.4 Cuirtear ar fáil oiliúint shonrach dóibh siúd a bheidh ag éascú comhairliúcháin chun a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu le cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le comhairlithe.

3.2.5 Chun comhairliúcháin éifeachtach le comhairlithe a chinntiú⁸ ar nithe a bhaineann le hAlt 75, forbróimid clár ardaithe feasachta maidir le dualgais reachtúla Alt 75 agus na gealltanais inár scéim comhionannais trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- eiseoidimid ár scéim comhionannais do gach comhairlí laistigh de mhí amháin óna fhaomhadh ag an gCoimisiún Comhionannais;
- coinneoimid ár gcomhairlithe ar an eolas faoinár ndul chun cinn i gcur i bhfeidhm na scéime comhionannais seo trí aird a tharraingt ar thuarascálacha monatóireachta bliantúla agus an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus ar aon doiciméid eile a eiseoidimid de thoradh ar an scéim comhionannais;
- cinnteoidimid go gcuirfear eolas cuí ar fáil do chomhairlithe maidir lenár ról, ár gcur chuige i leith dhualgais reachtúla Alt 75 agus na gealltanais sa scéim comhionannais i ngach doiciméad comhairliúcháin agus ag gach cruinniú comhairliúcháin.

⁷ Féach Caibidil 6 dár scéim comhionannais le haghaidh tuilleadh eolais maidir le formáidí malartacha eolais a chuirimid ar fáil.

⁸ Féach Aguisín 3 le do thoil dár liosta comhairlithe.

3.2.6 Maireann an comhairliúchán ar feadh 12 sheachtain ar a laghad chun go leor ama a cheadú do ghrúpaí chun dul i gcomhairle eatarthu féin mar chuid den phróiseas chun teacht ar thuairim. Ach i dtosca eisceachtúla nuair nach bhfuil an t-amscála indéanta (mar shampla, Treoracha AE nó reachtaíocht ar fud na Ríochta Aontaithe, ag comhlíonadh riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta, ag tabhairt aghaidh ar nithe práinneacha sláinte poiblí nó ag cloí le breithiúnais chúirte), féadfaimid amscálaí a ghiorrú go 8 seachtaine nó níos lú sula gcuirfear an polasaí i bhfeidhm. Féadfaimid leanúint ar aghaidh le comhairliúchán ina dhiaidh sin agus athbhreithneoidimid an polasaí mar chuid dár ngealltanais mhonatóireachta.⁹

Sa chás, faoi na tosca eisceachtúla seo, nach mór dúinn polasaí a chur i bhfeidhm láithreach, de bhrí go bhfuil sé lasmuigh de smacht ár n-údaráis, féadfaimid comhairliúchán a dhéanamh tar éis an polasaí a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú go gcuirfear aon tionchair ón bpolasaí san áireamh.

3.2.7 Má tá cleachtas comhairliúcháin le tarlú thar thréimhse nuair is lú cumas comhairlithe freagairt, mar shampla, i rith shos an tsamhraidh nó na Nollag, nó tá an polasaí atá á bhreithniú go háirithe casta, déanfaimid ár machnamh ar an bhféidearthacht tréimhse níos faide a cheadú don chomhairliúchán.

3.2.8 Táimid feasach go bhféadfaidh riachtanais éagsúla a bheith ag daoine agus grúpaí ionadaíocha a bhfuil tionchar orthu. Déanfaimid bearta cuí chun rannpháirtíocht iomlán a chinntiú in aon chruinnithe a thionólfar. Breithneoidimid, mar shampla, an t-am de lá, oiriúnacht an ionaid, go háirithe cé acu is féidir nó nach féidir le daoine a bhfuil míchumais acu é a rochtain, conas atá an cruinniú le stiúradh, teanga chuí a úsáid, cé acu atá nó nach bhfuil comharthóir agus/nó ateangaire riachtanach, agus cé acu atá nó nach bhfuil soláthar agus tacaíocht cúraim leanaí nó cúramóirí eile ag teastáil.

3.2.9 Cuirfimid gach eolas ábhartha ar fáil do chomhairlithe i bhformáidí cuí chun comhairliúchán bríoch a chinntiú. Áirítear leis seo eolas mionsonraithe ar an togra polasaí ar a bhfuiltear ag déanamh comhairliúcháin agus aon sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla.

3.2.10 Agus cinneadh á dhéanamh maidir le polasaí glactha nó molta le glacadh, cuirimid san áireamh aon mheasúnacht agus comhairliúchán déanta maidir leis an bpolasaí.

3.2.11 Cuirfimid ar fáil aiseolas do chomhairlithe ar bhealach tráthúil, agus i bhformáid oiriúnach lena n-áirítear eolas achomair ar an bpolasaí ar a bhfuiltear ag déanamh comhairliúcháin, achoimre ar nótaí tráchta comhairlithe agus achoimre ar ár mbreithniú agus freagairt ar ionchur comhairlithe.

3.3 Tá liosta dár gcomhairlithe san áireamh sa scéim comhionannais seo in Aguisín 3. Is féidir a fháil freisin ónár suíomh gréasáin ag

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

nó trí theagmháil a dhéanamh le:

Gníomhaireacht na hUltaise

Karen Stewart

⁹ Féach thíos, le do thoil, ag 4.27 go 4.31 le haghaidh sonraí maidir le monatóireacht.

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Cníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

3.4 Níl ár liosta comhairliúcháin uileghabhálach agus athbhreithnítear é ar bhonn bliantúil lena chinntiú go bhfanann sé ábhartha dár bhfeidhmeanna agus polasaithe. Cuirimid fáilte roimh fhiosruithe ó aon duine nó daoine nó eagraíochtaí ar mian leo go gcuirfear iad leis an liosta comhairlithe. Déan teagmháil linn le do thoil trí na bealaí a léirítear thuas chun do shonraí teagmhála a chur ar fáil agus chun go ndéanfar nóta de do réimsí spéise nó chun go mbainfear nó go leasófar d'ainm nó do shonraí. Cuir in iúl dúinn le do thoil freisin ag an gcéim seo más mian leat go gcuirfear eolas chugat i bhformáid nó i dteanga faoi leith.

Caibidil 4

Ár socruithe le haghaidh tionchar polasaithe a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a fhoilsiú

(Sceideal 9 (4) (2) (b); Sceideal 9 (4) (2) (c); Sceideal 9 (4) (2) (d); Sceideal 9 (9) (1); Sceideal 9 (9) (2))

Ár socruithe maidir le measúnacht a dhéanamh ar thionchar dóchúil polasaithe a ghlactar nó a mholtar a ghlacadh maidir le chur chun cinn comhionannas deiseanna (Sceideal 9 (4) (2) (b))

4.1 I gcomhthéacs Alt 75, sainmhínítear ‘polasaí’ go han-leathan agus cuimsíonn sé na bealaí go léir a ndéanaimid nó a bheartaímid ár bhfeidhmeanna a dhéanamh maidir le Tuisceart Éireann. Maidir leis an scéim comhionannais seo, úsáidtear an téarma polasaí d’aon straitéis, tionscnamh polasaí nó cleachtas agus/nó cinneadh (molta/leasaithe/reatha), bíodh sin scríofa nó neamhscríofa agus is cuma cén lipéad a chuirtear air, e.g. ‘dréacht’, ‘píolótach’, ‘ardleibhéal’ nó ‘earnála’.

4.2 Agus cinneadh á dhéanamh maidir le polasaí glactha nó molta le glacadh, cuirimid san áireamh aon mheasúnú agus comhairliúchán déanta maidir leis an bpolasaí, mar a éilítear ag Sceideal 9.9. (2) d’Acht Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Act) 1998.

Úsáidfimid na huirlisí scagthástáil agus measúnacht tionchair comhionannais chun tionchar dóchúil polasaí ar chur chun cinn comhionannas deiseanna agus an dea-chaidrimh a mheasúnú. Agus sinn ag déanamh na measúnachtaí seo ceanglóimid iad le torthaí beartaithe an pholasaí i gceist agus leanfaimid freisin treoir an Choimisiún Comhionannais ina leith seo.

- an treoir ar scagthástáil, lena n-áirítear an teimpléad scagthástála, mar a shonraítear i dtreoir an Choimisiúin *Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 – A Guide for Public Authorities* (Aibreán 2010)) agus
- nuair a thugaimid faoi mheasúnacht tionchair comhionannais mar a shonraítear i dtreoir an Choimisiúin *Practical Guidance on Equality Impact Assessment* (Feabhra 2005).

Scagadh

4.3 Is é an cuspóir a bhaineann le scagthástáil na polasaithe a aithint ar dócha go mbeadh tionchar acu ar chomhionannas deiseanna agus/nó an dea-chaidreamh.

4.4 Déantar scagthástáil ag an deis is luaithe sa phróiseas forbartha/athbhreithnithe polasaí. Beidh polasaithe a bhfuilimid ag beartú glacadh leo faoi réir scagthástála roimh chur i bhfeidhm. I gcás straitéisí nó polasaithe níos mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm trí shraith de chéimeanna, déanfaimid scagthástáil ag céimeanna éagsúla le linn an fheidhmithe.

4.5 Is é an cinnteoir polasaí a ghlacfaidh an príomhról i scagthástáil polasaí, an duine ag a bhfuil an t-údarás athruithe a dhéanamh ar an bpolasaí sin. Ach beidh baill foirne ábhartha eile páirteach sa scagthástáil, mar shampla, speisialtóirí comhionannais, iad siúd a chuireann an polasaí i bhfeidhm agus baill foirne ó réimsí ábhartha eile oibre. Nuair is féidir cuirfimid príomhpháirtithe leasmhara san áireamh sa phróiseas scagthástála.

4.6 Cuirfear na ceisteanna seo a leanas i bhfeidhm ar ár bpolasaithe go léir mar chuid den phróiseas scagthástála:

- Céard é an tionchar dóchúil ar chomhionannas deiseanna dóibh siúd a dtéann an polasaí seo i bhfeidhm orthu, do gach ceann de chatagóirí comhionannais Alt 75? (beag/mór/tionchar ar bith)
- An bhfuil deiseanna ann chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr do dhaoine laistigh de chatagóirí comhionannais Alt 75?
- Cé chomh mór is dócha go n-imreoidh an polasaí tionchar ar an dea-chaidreamh idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh? (beag/mór/tionchar ar bith)
- An bhfuil deiseanna ann chun an dea-chaidreamh a chur chun cinn ar bhealach níos fearr idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh?

4.7 Chun na ceisteanna scagthástála a fhreagairt, baileoidimid gach eolas agus sonraí ábhartha, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. Ag cur na fianaise seo san áireamh déanfaimid machnamh ar na riachtanais, éispéiris agus tosaíochtaí éagsúla do gach ceann de chatagóirí comhionannais Alt 75. Déanfaidh an fhianaise seo eolas d'aon chinneadh scagthástála.

4.8 Mar gheall ar scagthástáil a chríochnú, ag cur san áireamh ár machnaimh ar na freagraí ar na 4 cheist scagthástála go léir a leagtar amach in 4.7 thuas, beidh ceann amháin de na 3 thoradh seo a leanas ann:

1. tá an polasaí 'scagthástáilte isteach' le haghaidh measúnacht tionchair comhionannais;

2. tá an polasaí 'scagthástáilte amach' le maolú¹⁰ nó moltar glacadh le polasaí malartach;
3. tá an polasaí 'scagthástáilte amach' gan mhaolú nó moltar glacadh le polasaí malartach.

4.9 Má chinneann ár scagthástáil go bhfuil tionchar dóchúil polasaí 'beag' i leith ceann amháin, nó níos mó, de na catagóirí um chomhionannas deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, féadfaimid uaireanta a shocrú dul ar aghaidh le measúnacht tionchair comhionannais, ag brath ar an bpolasaí. Mura bhfuil MTC le déanamh déanfaimid machnamh mar sin féin ar bhearta a d'fhéadfadh tionchar an pholasaí a mhaolú chomh maith le polasaithe malartacha a d'fhéadfadh cur chun cinn comhionannais deiseanna agus/nó an dea-chaidrimh a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

Más ea go maolaímid tabharfaimid breac-chuntas inár dteimpléad scagthástála ar na cúiseanna le tacú leis an gcinneadh seo in éineacht leis na hathruithe, leasuithe nó polasaí malartach molta.

Deanfaidh an ceannaire cuí polasaí laistigh de Ghníomhaireacht na hUltaise nó Foras na Gaeilge an cinneadh scagthástála seo a fhaomhadh.

4.10 Má chinneann ár scagthástáil go bhfuil tionchar dóchúil polasaí 'mór' i leith ceann amháin, nó níos mó, de na catagóirí um chomhionannas deiseanna agus/nó an dea-chaidrimh, déanfaimid measúnacht tionchair comhionannais ar an bpolasaí de ghnáth. Deanfaidh an ceannaire cuí polasaí laistigh de Ghníomhaireacht na hUltaise nó Foras na Gaeilge an cinneadh scagthástála seo a fhaomhadh.

4.11 Má chinneann ár scagthástáil nach bhfuil tionchar ar bith ag polasaí i leith na gcatagóirí go léir um chomhionannas deiseanna agus/nó an dea-chaidrimh, féadfaimid an polasaí a scagthástáil amach. Má tá polasaí 'scagthástáilte amach' de bhrí nach bhfuil aon bhaint aige le comhionannas deiseanna nó dea-chaidreamh, tabharfaimid sonraí na gcúiseanna leis an gcinneadh a rinneadh. Deanfaidh an ceannaire cuí polasaí laistigh de Ghníomhaireacht na hUltaise nó Foras na Gaeilge an cinneadh scagthástála seo a fhaomhadh.

4.12 A luaithe agus is féidir tar éis chur i gcrích an phróisis scagthástála, cuirfear an teimpléad scagthástála, faofa agus ceadaithe ag an mbainisteoir sinsearach atá freagrach as an bpolasaí, ar fáil ar an suíomh gréasáin ábhartha:

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

agus ar iarratas ó:

Gníomhaireacht na hUltaise:

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

¹⁰ Maolú – Sa chás go nochtann measúnacht (scagthástáil sa chás seo) go bhfuil tionchar díobhálach ag polasaí faoi leith ar chomhionannas deiseanna agus/nó an dea-chaidreamh, ní mór d'údarás poiblí machnamh a dhéanamh ar bhealaí torthaí an pholasaí a sheachadadh a bhfuil níos lú de thionchar díobhálach acu ar chatagóirí ábhartha Alt 75.

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge:

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

4.13 Má luann comhairlí, lena n-áirítear an Coimisiún Comhionannais, ábhar imní faoi chinneadh scagthástála bunaithe ar fhianaise thacaíochta, déanfaimid an cinneadh scagthástála a athbhreithniú.

4.14 Déanfar ár dtuarascálacha scagthástála a fhoilsiú go ráithiúil (féach thíos ag 4.20-4.22 agus 4.23 le haghaidh sonraí).

Measúnacht tionchair comhionannais

4.15 Is é is measúnacht tionchair comhionannais (MTC) ann anailís chríochnúil chórasach ar pholasaí, bíodh an polasaí sin foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, agus is cuma céard é raon feidhme an pholasaí sin. Is é an phríomhfheidhm le MTC a dheimhniú céard é méid aon tionchair a bheadh ag polasaí ar chatagóirí Alt 75 agus a dheimhniú an tionchar díobhálach atá ann. Is deis é freisin na tionchair dhearfacha is dócha a bheadh ag polasaí, agus bealaí a lorg le comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

4.16 A luaithe is atá polasaí scagthástáilte agus go bhfuil scagthástáil tar éis a fháil amach go bhfuil measúnacht tionchair comhionannais riachtanach, déanfaimid an MTC de réir threoir an Choimisiúin Comhionannais. Maidir le polasaithe atá ann cheana, déanfar an measúnacht tionchair comhionannais laistigh de 2 bhliain ó cheadófar an scéim comhionannais. Maidir le polasaithe nua, nó polasaithe atá ann cheana féin atáthar á n-athbhreithniú, déanfar an measúnacht tionchair comhionannais mar chuid den phróiseas forbartha polasaí, sula gcuirfear i bhfeidhm an polasaí.

4.17 Beidh aon mheasúnacht tionchair comhionannais faoi réir comhairliúcháin ag an gcéim chuí nó na céimeanna cuí. (Le sonraí a fháil féach Caibidil 3 thuas, “Ár Socruithe le haghaidh comhairliúcháin”).

Ár socruithe maidir le torthaí na measúnachtaí ar thionchair dhóchúla polasaithe a ghlacamar nó a bheartaímid a ghlacadh ar chur chun cinn comhionannais deiseanna a fhoilsiú (Sceideal 9 (4) (2) (d); Sceideal 9 (9) (1))

4.18 Cuirimid ar fáil go poiblí torthaí ár measúnachtaí (scagthástáil agus MTC) ar thionchar dóchúil ár bpolasaithe ar dhul chun cinn comhionannais deiseanna agus an dea-chaidrimh.

An méid a fhoilsímid

4.19 Foilsítear tuarascálacha scagthástála go ráithiúil. Tugann tuarascálacha scagthástála sonraí maidir le:

- Gach polasaí atá scagthástáilte ag Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge ar feadh na tréimhse trí mhí;
- Ráiteas maidir le haidhm(eanna) an pholasaí/na bpolasaithe lena mbaineann an measúnú;
- Machnamh a rinneadh ar bhearta a d'fhéadfadh aon tionchar díobhálach a mhaolú;
- Machnamh a rinneadh ar pholasaithe malartacha a d'fhéadfadh cur chun cinn comhionannas deiseanna a bhaint amach ar bhealach níos fearr;
- Cinntí scagthástála, is é sin:
 - cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an polasaí a 'scagthástáil isteach' le haghaidh measúnacht tionchair comhionannais.
 - cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an polasaí a 'scagthástáil amach' le maolú nó polasaí malartach le glacadh.
 - cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an polasaí a 'scagthástáil amach' gan mhaolú nó polasaí malartach a bheith beartaithe le glacadh.
- Nuair a bhaineann, clár ama chun measúnachtaí tionchair comhionannais a dhéanamh;
- Nasc leis an teimpléad nó na teimpléid scagthástála chríochnaithe ar ár suíomh gréasáin.

4.20 Teimpléid scagthástála – le sonraí a fháil maidir le hinfhaighteacht ár dteimpléad scagthástála, féach 4.13 le do thoil.

4.21 Measúnachtaí tionchair comhionannais – foilsítear tuarascálacha tionchair comhionannais nuair atá an measúnacht tionchair comhionannais curtha i gcrích. Áirítear sna tuarascálacha seo:

- Ráiteas maidir le haidhm an pholasaí a dhéantar a mheasúnú;
- Eolas agus sonraí a bhailítear;
- Sonraí na measúnachta ar thionchar nó ar thionchair;
- Machnamh a rinneadh ar bhearta a d'fhéadfadh aon tionchar díobhálach a mhaolú;
- Machnamh a rinneadh ar pholasaithe malartacha a d'fhéadfadh cur chun cinn comhionannas deiseanna a bhaint amach ar bhealach níos fearr;
- Freagairtí comhairliúcháin;
- An cinneadh a rinneadh;
- Pleananna maidir le monatóireacht amach anseo.

An chaoi a bhfoilseoimid eolas

4.22 Tá an t-eolas go léir a fhoilsímid inrochtana agus is féidir é a chur ar fáil i bhformáidí malartacha ar iarratas. Féach 6.3 thíos le do thoil.

An áit a bhfoilseoimid an t-eolas

4.23 Tá torthaí ár measúnachtaí (tuarascálacha scagthástála agus teimpléid chríochnaithe, torthaí ár measúnachtaí tionchair comhionannais) ar fáil ar ár suíomhanna gréasáin:

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

agus trí theagmháil a dhéanamh le:

Cníomhaireacht na hUltaise:

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Cníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge:

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

4.24 Chomh maith leis an méid thuas, déantar tuarascálacha scagthástála (nasc leictreonach nó cóip chrua ar iarratas má tá sin níos oiriúnaí d'fhaighteoirí) ina mbeidh gach polasaí a ndearnadh scagthástáil air thar thréimhse 3 mhí a chur go díreach chuig gach comhairlí ar bhonn ráithe.

4.25 Cuirfimid in iúl don phobal i gcoitinne faoi infhaighteacht an ábhair seo trí chumarsáid amhail preaseisiúintí nuair is cuí.

Ár socruithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar aon tionchar díobhálach polasaithe ar chomhionannas deiseanna (Sceideal 9 (4) (2) (c))

4.26 Is féidir leis an monatóireacht cabhrú linn seirbhísí poiblí níos fearr agus feabhsuithe leanúnacha a sheachadadh. Is é atá i gceist le monatóireacht ar eolas Alt 75 sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil (sonraí a bhaineann le bunús cine nó eitneach daoine aonair, claonadh gnéis, tuairim pholaitiúil, creideamh reiligiúnach, etc.). Chun monatóireacht a dhéanamh ar bhealach rúnda agus éifeachtach, leanann Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge treoir ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus ón gCoimisiún Comhionannais.

4.27 Déanfaimid monatóireacht ar aon tionchar díobhálach ar chur chun cinn comhionannais deiseanna a bheadh ag polasaithe atá glactha againn. Gabhaimid orainn féin monatóireacht a dhéanamh ar bhonn níos leithne chun deiseanna a shainaithint chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí de réir threoir an Choimisiúin Comhionannais.

4.28 Cuirfimid ar bun córais chuí chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar polasaithe agus sainaithneoidimid deiseanna chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear:

- Bailiú, comhthiomsú agus anailís sonraí príomhúla ábhartha cainníochtúla agus cáilíochtúla atá ann cheana sna 9 gcatagóir comhionannais ar fad ar bhonn leanúnach;
- Bailiú, comhthiomsú agus anailís sonraí tánaisteacha ábhartha cainníochtúla agus cáilíochtúla atá ann cheana sna 9 gcatagóir comhionannais ar fad ar bhonn leanúnach;

- Iniúchadh ar chórais faisnéise atá ann cheana roimh bhliain ó cheadú na scéime comhionannais seo, chun méid na monatóireachta atá ann cheana féin a shainaithint agus gníomh a dhéanamh chun dul i ngleic le haon bhearnaí chun an t-eolas riachtanach a bheith againn ar a mbunófar cinntí;
- Tabhairt faoi shonraí nua nó iad a choimisiúnú más gá.

4.29 Más ea, thar thréimhse 2 bhliain, go dtaispeánann monatóireacht agus measúnú gurb é an toradh atá ar pholasaí tionchar díobhálach níos mó ná mar a tuaradh, nó má thagann deiseanna chun cinn a cheadódh comhionannas níos mó deiseanna a chur chun cinn, cinnteoidimid go ndéanfar an polasaí a athbhreithniú chun torthaí níos fearr a bhaint amach do ghrúpaí comhionannais.

4.30 Athbhreithneoidimid ár bhfaisnéis mhonatóireachta MTC ar bhonn bliantúil. Athbhreithneofar faisnéis mhonatóireachta eile ar bhonn bliantúil.

Ár socruithe maidir le torthaí ár monatóireachta a fhoilsiú (Sceideal 9 (4) (2) (d))

4.31 Éilíonn Sceideal 9 (4) (2) (d) orainn torthaí na monatóireachta ar thionchair dhíobhálacha na bpolasaithe atá glactha againn a fhoilsiú. Ach, gabhaimid orainn féin monatóireacht a dhéanamh ar bhonn níos forleithne agus foilsítear torthaí ár monatóireachta mar seo a leanas:

4.32 Foilsítear faisnéis mhonatóireacht MTC mar chuid dár dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le hAlt 75 (féach 2.7).

4.33 Cuirtear an tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn ar Alt 75 ar fáil ar shuíomh gréasáin gach Gníomhaireachta:

www.ulsterscotsagency.org.uk nó www.forasnagaeilge.ie

Tá gach eolas a fhoilsítear inrochtana agus is féidir é a chur ar fáil i bhformáidí malartacha ar iarratas. Féach thíos ag 6.3 le sonraí a fháil.

Caibidil 5

Oiliúint foirne

(Sceideal 9 (4) (2) (e))

Tiomantas d'oiliúint foirne

5.1 Aithnímid go n-imríonn ardú feasachta agus oiliúint ról ríthábhachtach i bhfeidhmiú éifeachtach ár ndualgais Alt 75.

5.2 Is mian lenár bPríomhfheidhmeannaigh tiomantas an Bhoird Teanga Thuaidh/Theas do dhualgais reachtúla Alt 75, go hinmheánach agus go seachtrach, a chur in iúl go dearfach. Chuige seo tabharfaimid isteach clár cumarsáide éifeachtaí agus oiliúna isteach do gach ball foirne agus cinnteoidimid go ndéanfar ár dtiomantas do dhualgais reachtúla Alt 75 soiléir i ngach foilseachán ábhartha.

Cuspóirí oiliúna

5.3 Dréachtóidh gach Gníomhaireacht plean oiliúna mionsonraithe dá mbaill foirne a mbeidh d'aidhm aige na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Feasacht a ardú ar fhorálacha Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*) 1998, ár ngealltanais i leith na scéime comhionannais agus na saincheisteanna faoi leith ar dócha go rachaidh siad i bhfeidhm ar dhaoine sa raon catagóirí Alt 75, chun a chinntiú go dtuigeann ár mbaill foirne go hiomlán a ról i bhfeidhmiú na scéime;
- Na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach a thabhairt do na baill foirne úd a bhfuil baint acu le measúnú polasaithe (scagthástáil agus MTC) chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach;
- Na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach a thabhairt do na baill foirne úd a phléann le comhlíontacht lenár scéim comhionannais chun gearáin a fhiosrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu go héifeachtach;
- Na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach a thabhairt do na baill foirne úd a bhfuil baint acu le próisis chomhairliúcháin chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach;
- Na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach a thabhairt do na baill foirne úd a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm agus le monatóireacht ar chur i bhfeidhm éifeachtach na scéime comhionannais seo chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach.

Socruithe maidir le hardú feasachta agus oiliúint

5.4 Cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil ár mbaill foirne agus Comhaltaí Boird feasach ar ár n-oibleagáidí comhionannais agus go dtuigeann siad iad.

- Forbróimid achoimre ar an scéim comhionannais seo agus cuirfimid ar fáil é do gach ball foirne;
- Cuirfimid rochtain ar fáil ar chóipeanna den scéim comhionannais iomlán do gach ball foirne agus cinnteoidimid go dtugtar faoi aon fhiosruithe nó ceisteanna soiléirithe ó bhaill foirne go héifeachtach;
- Gheobhaidh baill foirne i nGníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge treoir eolais ar an scéim comhionannais seo laistigh de 3 mhí ó fhaomhadh na scéime;
- Beidh dualgais reachtúla Alt 75 mar chuid d'oiliúint ionductúcháin do bhaill foirne nua;
- Cuirfear oiliúint spriocdhírithe ar fáil do phríomhbhaill foirne laistigh de gach Gníomhaireacht a bhfuil baint dhíreach acu le cur i bhfeidhm ár ngealltanas i leith na scéime comhionannais (mar shampla, iad siúd a bhfuil baint acu le taighde agus bailiú sonraí, forbairt polasaí, dearadh seirbhíse, measúnachtaí tionchair comhionannais, comhairliúcháin, monatóireacht agus measúnú);
- Nuair is cuí, cuirfear oiliúint ar fáil lena chinntiú go bhfuil baill foirne feasach ar na saincheisteanna a bhíonn ag an raon grúpaí Alt 75;
- Nuair is cuí, agus ar bhonn leanúnach, déanfar socruithe chun a chinntiú go gcoinnítear baill foirne cothrom le dáta le forbairtí Alt 75.

5.5 Forbrófar clár oiliúna agus feasachta, nuair is ábhartha, i gcomhar leis na grúpaí cuí Alt 75 agus lenár bhfoireann.

Chun acmhainní agus saineolas a chomhroinnt, oibreoidh Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, nuair is féidir, go dlúth le chéile agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile i bhforbairt agus i bhfeidhmiú oiliúna.

Monatóireacht agus athbhreithniú

5.6 Beidh ár gclár oiliúna faoi réir na socruithe monatóireachta agus measúnaithe seo a leanas:

- Déanfaimid measúnú ar an méid atá na scileanna agus an t-eolas riachtanach sealbhaithe ag na rannpháirtithe go léir sa chlár oiliúna chun gach ceann de na cuspóirí seo thuas a bhaint amach;
- Tuairisceofar an méid bhfuil cuspóirí oiliúna bainte amach mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn Alt 75, a chuirfear go dtí an Coimisiún Comhionannais.

Caibidil 6

Ár socruithe maidir le rochtain phoiblí ar eolas agus seirbhísí a chuirimid ar fáil a chinntiú agus a mheasúnú

(Sceideal 9 (4) (2) (f))

6.1 Gabhaimid orainn féin a chinntiú go bhfuil an t-eolas a scaipimid agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil go hiomlán inrochtana do gach páirt den phobal i dTuaisceart Éireann. Coinneoimid ár socruithe faoi athbhreithniú lena chinntiú go bhfanann seo amhlaidh.

6.2 Táimid eolach nach mbeidh an rochtain chéanna ag roinnt grúpaí ar eolas agus a bheidh ag grúpaí eile. Go háirithe:

- Féadfaidh eolas priontáilte i bhformáidí eile a bheith ag teastáil ar dhaoine a bhfuil míchumais chéadfacha, foghlama, chumarsáide agus soghluaiseachta acu.
- Féadfaidh deacrachtaí a bheith ag baill de ghrúpaí mionlaigh eitnigh, nach Béarla nó Gaeilge an chéad teanga dóibh, le heolas a chuirtear ar fáil i mBéarla agus/nó Gaeilge.
- Is féidir nach mbeidh páistí agus daoine óga ábalta eolas a rochtain nó a thuiscint go hiomlán.

Rochtain ar eolas

6.3 Chun comhionannas deiseanna a chinntiú maidir le heolas a rochtain, cuirfimid ar fáil eolas i bhformáidí malartacha ar iarratas, nuair atá sin indéanta go praiticiúil. Forbróimid socruithe chun cumarsáid le leanaí agus daoine óga, daoine a bhfuil míchumas foghlama acu agus pobail mionlaigh eitnigh. Sa chás nach féidir an t-iarratas a shásamh go beacht, cinnteoidimid go gcuirfear rogha eile ar fáil. I measc formáidí eile is féidir go n-áireofar Easy Read, Braille, treoracha ar léitheoirí scáileáin a úsáid, cló mór nó leaganacha i dteangacha seachas Béarla nó Gaeilge.

Freagróimid iarratais ar eolas i bhformáidí malartacha chomh tapa agus is féidir, laistigh de 10 lá oibre de ghnáth.

6.4 Agus sin ag scaipeadh eolais trí na meáin féachfaimid le fógraíocht a dhéanamh nuair is cuí.

Rochtain ar sheirbhísí

6.5 Gabhaimid orainn féin a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí go hiomlán inrochtana do chách sa phobal i gcatagóirí uile Alt 75. Cloíonn Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge freisin le forálacha ábhartha na reachtaíochta reatha frith-idirdhealaithe.

6.6 Tá rún againn go mbeidh ár seirbhísí go léir go hiomlán inrochtana do gach páirt den phobal. Tarraingeoidh ár socruithe maidir le tionchair chomhionannais polasaithe a mheasúnú (lena n-áirítear scagthástáil agus measúnachtaí tionchair chomhionannais) aird ar aon tosca a chruthaíonn tionchar difreálach trí níos lú rochtana a fhágáil do ghrúpaí faoi leith ar sheirbhís a bhaineann le polasaí faoi leith. Áireofar leis na socruithe seo:

- Iniúchadh rochtana ar gach áitreabh chun comhlíontacht le ceanglais maidir le héascaíocht rochtana fisiciúla ar fhoirgnimh a dheimhniú.
- Grúpaí mionlaigh a chur san áireamh in ionchuir, lena n-áirítear ionadaíocht imleor i leabhair/foilseacháin/postálacha meán sóisialta/suíomh gréasáin etc.
- Oiliúint foirne sa chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, lena n-áirítear oiliúint san fheasacht ar mhíchumas
- Inneachar gréasáin inrochtana, léitheoirí scáileáin a úsáid etc.
- Seirbhís athsheachadóra téacs a úsáid, amhail Relay UK do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta nó urlabhra acu lena chur ar a gcumas dóibh teagmháil a dhéanamh linn ar an bhfón.
- Teagmháil le páirtithe leasmhara chun cabhrú leo saincheistanna a shainaithint a d'fhéadfadh rochtain a shrianadh.
- Rochtain phoiblí ar eolas agus seirbhísí a mheasúnú

6.7 Déanfaimid monatóireacht go bliantúil ar ár bhfeidhmeanna go léir, maidir le rochtain ar eolas agus seirbhísí, chun a chinntiú go gcuirtear chun cinn comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh. Is é a bheidh i gceist leis an monatóireacht seo bearta amhail ár dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, monatóireacht a dhéanamh ar ghlacadh seirbhísí, teagmháil le grúpaí Alt 75, suíomhanna gréasáin a sheiceáil go rialta maidir le cloí le treoracha inrochtana, iniúchtaí rochtana ar áitribh agus athbhreithniú ar ghearáin a bhaineann le saincheistanna comhionannais.

6.8 Tuairisceofar monatóireacht agus cuirfear an t-eolas san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Caibidil 7

Clár ama do bhearta a bheartaímid sa scéim comhionannais seo

(Sceideal 9 (4) (3) (b))

7.1 Tugtar breac-chuntas in Aguisín 4 ar ár gclár ama do gach beart a bheartaítear laistigh den scéim comhionannais seo. Déanfar na bearta ar a dtugtar breac-chuntas sa chlár ama seo a chuimsiú inár bpróisis pleanála gnó.

7.2 Tá an clár ama seo éagsúil ó agus sa bhreis ar ár ngealltanas pleananna gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic go sonrach le neamhionannais agus comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn. Tá gealltanas curtha san áireamh inár scéim comhionannais plean gníomhaíochta a fhorbairt. Dá réir seo, liostaítear an gealltanas seo sa chlár ama beart ag Aguisín 4. Chun eolas a fháil ar an bplean gníomhaíochta féach thuas, le do thoil, ag 2.10 – 2.18.

Caibidil 8

Ár nós imeachta maidir le gearáin

(Sceideal 9 (10))

8.1 Táimid freagrúil do thuairimí an phobail. Déanfaimid iarracht gach gearán a dhéantar linn a réiteach.

8.2 Tagraíonn sceideal 9 mír 10 den Acht do ghearáin. Is féidir le duine gearán a dhéanamh le húdarás poiblí má chreideann an gearánaí gurbh fhéidir go dtéann teip líomhainte de chuid an údaráis cloí lena scéim comhionannais fhaofa i bhfeidhm air nó uirthi. Mura bhfuil an gearán réitithe laistigh d'amscála réasúnta, ní féidir an gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais.

Maidir le gearáin gur theip ar Fhoras na Gaeilge cloí leis an scéim comhionannais seo

8.3 Ba cheart do dhuine atá ag iarraidh gearán a dhéanamh gur theip ar Fhoras na Gaeilge cloí lenár scéim comhionannais fhaofa teagmháil a dhéanamh le:

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: gearain@forasnagaeilge.ie

8.4 Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil an ríomhphost thuas go sonrach le haghaidh gearán agus nach ionann é agus an seoladh ríomhphoist ginearálta le haghaidh teagmháil maidir leis an Scéim seo. Ar an gcéad ásc admhóimid go bhfuaireamar gach gearán laistigh de 5 lá oibre.

8.5 Déanfaidh an rannóg Pleanála Corparáidí fiosrúchán inmheánach ar an ngearán agus tabharfaidh siad freagra substainteach don ghearánaí laistigh de 10 lá oibre ón dáta a fuarthas an litir ghearáin. Ach i dtosca eisceachtúla, nuair is gá go leor eolais a lorg, a bhailiú nó a scrúdú, féadfar an tréimhse sin a fhadú go 2 mhí. Sna tosca sin, cuirfear in iúl don ghearánaí maidir leis an tréimhse fhadaithe laistigh de 10 lá oibre ó rinne siad an gearán.

8.6 Más ea nach bhfuil tú sásta leis an toradh, is féidir achomharc a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge trí scríobh chuig eolas@forasnagaeilge.ie. Tagair go soiléir don fhreagra nach bhfuil tú sásta leis agus cuir an t-iarratas ar achomharc chugainn laistigh de 14 lá oibre tar éis duit an chéad toradh a fháil. Tabharfar freagra duit laistigh de 10 lá oibre mar is amhlaidh thuas.

Maidir le gearáin gur theip ar Ghníomhaireacht na hUltaise cloí leis an scéim comhionannais seo

8.7 Ba cheart do dhuine atá ag iarraidh gearán a dhéanamh gur theip ar Ghníomhaireacht na hUltaise cloí lenár scéim comhionannais fhaofa teagmháil a dhéanamh le:

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste

BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

8.8 Ar an gcéad ásc admhóimid go bhfuairamar gach gearán laistigh de 5 lá oibre.

8.9 Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha fiosrúchán inmheánach ar an ngearán agus tabharfaidh siad freagra substainteach don ghearánaí laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fuarthas an litir ghearáin. Faoi thosca áirithe, má éilíonn castacht na ceiste tréimhse níos faide, féadfar an tréimhse chun freagairt a thabhairt a fhadú go 2 mhí. Sna tosca sin, cuirfear in iúl don ghearánaí maidir leis an tréimhse fhadaithe laistigh de 20 lá oibre ó rinne siad an gearán.

Maidir le gearáin gur theip ar an bhForas Teanga cloí leis an scéim comhionannais seo

8.10 Ba cheart do dhuine atá ag iarraidh gearán a dhéanamh gur theip ar an bhForas Teanga (i.e. Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise araon) cloí lenár scéim comhionannais fhaofa teagmháil a dhéanamh leis an mbeirt theagmhálaithe thuas – Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach (Foras na Gaeilge) agus Karen Stewart, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (Gníomhaireacht na hUltaise). Ansin ainmneoidimid pointe teagmhála aonair chun teagmháil a dhéanamh leis an ngearánaí.

8.11 Ar an gcéad ásc admhóimid go bhfuairamar gach gearán laistigh de 5 lá oibre.

8.12 Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha fiosrúchán ar an ngearán agus tabharfaidh siad freagra substainteach don ghearánaí laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fuarthas an litir ghearáin. Faoi thosca áirithe, má éilíonn castacht na ceiste tréimhse níos faide, féadfar an tréimhse chun freagairt a thabhairt a fhadú go 2 mhí. Sna tosca sin,

cuirfear in iúl don ghearánaí maidir leis an tréimhse fhadaithe laistigh de 20 lá oibre ó rinne siad an gearán.

8.13 Le linn na 3 phróiseas seo thuas go léir coinneofar an gearánaí go hiomlán ar an eolas faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin ar an ngearán agus ar aon torthaí.

8.14 In aon fhiosrúchán ina dhiaidh sin ag an gCoimisiún Comhionannais, comhoibreoidh an Foras Teanga nó an ghníomhaireacht ábhartha (Foras na Gaeilge nó Gníomhaireacht na hUltaise) go hiomlán, ag tabhairt rochtana go tráthúil ar aon cháipéisíocht ábhartha a fhéadfaidh an Coimisiún Comhionannais a éileamh. Mar an gcéanna, comhoibreoidh an Foras Teanga go hiomlán le haon fhiosrúchán ag an gCoimisiún Comhionannais faoi fho-mhír 11 (1) (b) de Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Act) 1998.

8.15 Déanfaidh an Foras Teanga nó an ghníomhaireacht ábhartha gach iarracht aon mholtaí a chur i bhfeidhm go pras agus go hiomlán a eascróidh ó aon fhiosrúchán de chuid an Choimisiúin.

Caibidil 9

Foilsíú ár scéime comhionannais

(Sceideal 9 (4) (3) (c))

9.1 Cuirfear ár scéim comhionannais ar fáil saor in aisce i bhfoirm chlóite agus formáidí malartacha ó:

Gníomhaireacht na hUltaise:

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge:

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

9.2 Beidh ár scéim comhionannais ar fáil freisin ar ár suíomhanna gréasáin ag: www.ulsterscotsagency.org.uk agus www.forasnagaeilge.ie

9.3 Cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm d'fhoilsiú tráthúil ár scéime comhionannais chun comhionannas rochtana a chinntiú:

- Déanfaimid gach iarracht a chur in iúl go fairsing go bhfuil ár scéim comhionannais ann agus a hinneachar a chur in iúl go fairsing. Is féidir go n-áireofar leis seo preaseisiúintí, fógraí sna meáin agus coir phoist dhíreacha chuig grúpaí atá ionadaíoch ar na catagóirí éagsúla in Alt 75.

- Cuirfimid ríomhphost faoinár scéim comhionannais fhaofa chuig ár gcomhairlithe ar ár liostaí comhairliúcháin. Cuirfear in iúl do chomhairlithe eile nach bhfuil ríomhphost acu trí litir go bhfuil an scéim ar fáil ar iarratas. Freagróimid iarratais ar an scéim comhionannais i bhformáidí malartacha chomh tapa agus is féidir, laistigh de 10 lá oibre de ghnáth.
- Beidh ár scéim comhionannais ar fáil ar iarratas i bhformáidí malartacha amhail Easy Read, Braille, cló mór, léitheoirí scáileáin agus i mionteangacha chun riar ar riachtanais daoine nach bhfuil líofa i mBéarla nó i nGaeilge.
- Scríobhfar achoimre ar an scéim agus cuirfear í ar fáil do gach Comhalta Boird agus fostaí agus beidh sí ar fáil i raon formáidí ar iarratas.

9.4 Chun liosta dár bpáirtithe leasmhara agus comhairlithe a fháil féach Aguisín 3 den scéim comhionannais nó téigh chuig ár suíomhanna gréasáin ag:

www.ulsterscotsagency.org.uk agus www.forasnagaeilge.ie nó déan teagmháil le:

Cníomhaireacht na hUltaise:

Karen Stewart

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Cníomhaireacht na hUltaise

31 Sráid Gordon

Béal Feirste BT1 2LG

Teil: 028 9023 1113

ríomhphost: kstewart@ulsterscotsagency.org.uk

nó

Foras na Gaeilge:

Seán Ó Coinn

Príomhfheidhmeannach

Foras na Gaeilge

1ú Urlár

Foirgnimh an Chleandair

6 Sráid an Chleandair

Béal Feirste

BT1 5BN

Teil: 028 9089 0970

ríomhphost: comhairliuchan@forasnagaeilge.ie

Caibidil 10

Athbhreithniú ar ár scéim comhionannais

(Sceideal 9 (8) (3))

10.1 Mar a cheanglaítear le Sceideal 9 mír 8 (3) d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*) 1998 déanfaimid athbhreithniú críochnúil ar an scéim comhionannais seo. Tarlóidh an t-athbhreithniú seo laistigh de 5 bliana ón scéim comhionannais seo a chur isteach chuig an gCoimisiún Comhionannais nó laistigh d'amscála níos gaire chun gur féidir ailíniú le hathbhreithniú ar thimthriallta planála eile.

10.2 Déanfaidh an t-athbhreithniú éifeachtacht ár scéime a mheasúnú i dtaca le cur i bhfeidhm dhualgais reachtúla Alt 75 atá ábhartha dár bhfeidhmeanna i dTuaisceart Éireann.


10.3 Ag tabhairt faoin athbhreithniú seo dúinn leanfaimid aon treo arna heisiúint ag an gCoimisiún Comhionannais. Cuirfear tuarascáil ar an athbhreithniú seo chuig an gCoimisiún Comhionannais agus fógrófar seo go poiblí trína foilsiú ar ár suíomhanna gréasáin:

www.ulsterscotsagency.org.uk agus www.forasnagaeilge.ie

10.4 Cuirfimid in iúl freisin dár bpáirtithe leasmhara agus comhairlithe go bhfuil an tuarascáil ar fáil agus freagróimid iarratais ar an tuarascáil i bhformáidí malartacha a luaitear agus is féidir, taobh istigh de 10 lá oibre de ghnáth.


Aguisín 1a

Cairt eagraíochtúil: Gníomhaireacht na hUltaise



Aguisín íb

Cairt eagraíochtúil: Foras na Gaeilge



Aguisín 2

Grúpaí samplacha atá ábhartha do chatagóirí Alt 75 chun críocha Thuaisceart Éireann

Tabhair do d'aire le do thoil, tá an liosta seo ar mhaithe le léiriú amháin, níl sé uileghabhálach.

Catagóir	Grúpaí samplaí
Creideamh reiligiúnach	Búdaíoch; Caitliceach; Hiondúch; Giúdach; Moslamach, daoine gan creideamh reiligiúnach; Protastúnaigh; Suíceach; creidimh eile Chun críocha Alt 75, is ionann an téarma 'creideamh reiligiúnach' agus an sainmhíniú a úsáidtear san Ordú um Fhostaíocht & Caitheamh Cothrom (TÉ) (<i>Fair Employment & Treatment (NI) Order</i> ¹¹). Mar sin de, áirítear le 'creideamh reiligiúnach' freisin aon chreideamh reiligiúnach braite (nó easpa bhraite creideamh reiligiúnach) agus, i suíomhanna fostaíochta amháin, clúdaíonn sé freisin aon 'chreideamh fealsúnach comhchosúil'.
Tuairim pholaitiúil ¹²	Náisiúnaigh go ginearálta; Aontachtaigh go ginearálta; baill/lucht tacaíochta páirtithe polaitiúla eile.
Grúpa cine	Daoine gorma; Sínigh; Indiaigh; Pacastánaigh; daoine a bhfuil cúlra eitneach measctha acu; Polannaigh; Romaigh; Lucht Siúil; daoine Geala.
Fir agus mná go ginearálta	Fir (buachaillí san áireamh); daoine trasinscneacha; mná (cailíní san áireamh).
Stádas pósta	Páirtithe sibhialta nó daoine atá i bpáirtnéireachtaí sibhialta; daoine colscartha; daoine pósta; daoine scartha; daoine singile; baintreacha fir agus mná.
Aois	Páistí agus daoine óga; daoine níos sine.
Daoine a bhfuil míchumas acu	Daoine a bhfuil míchumais acu mar a shainmhínítear san Acht um Idirdealú Míchumais (<i>The Disability Discrimination Act</i>) 1995.
Daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu	Daoine a bhfuil freagracht phearsanta orthu as aire a thabhairt do leanbh; aire a thabhairt do dhuine a bhfuil míchumas acu; nó aire a thabhairt do chleithiúnaí níos sine.
Cnéaschlaonadh	Daoine déghnéasacha; daoine heitrighnéasacha; daoine aeracha nó leispiacha.

¹¹ Féach Alt 98 d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*) 1998, ina luaitear: 'San Acht seo... forléireofar "tuairim pholaitiúil" agus "creideamh reiligiúnach" de réir Airteagal 2(3) agus (4) den Ordú um Fhostaíocht & Caitheamh Cothrom (TÉ) (*Fair Employment & Treatment (NI) Order*) 1998.

¹² *ibid*

Aguisín 3

Liosta comhairlithe

(Sceideal 9 (10)) (2) (a))

Tabhair do d'aire le do thoil, tá an liosta seo táscach, ní cuimsitheach, agus athbhreithneofar é ar bhonn bliantúil.

Action on Hearing Loss
AgeNI
Altram
An Coimisinéir do Dhaoine Níos Sine do Thuaisceart Éireann
An Coimisiún Foirne Rialtais Áitiúil do Thuaisceart Éireann
An Coiste um Riar an Chirt
An Droichead
An Eaglais Mheitidisteach in Éirinn
An Eaglais Phreispitéireach in Éirinn
An Páirtí Aontachtach Daonlathach
An Páirtí Glas i dThuaisceart Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha (an Rannóg Angla-Éireannach)
An Tor ar Lasadh
Aonad Comhionannais agus Éagsúlachta SPTÉ Lios na Searrach
Arts and Business NI
Autism NI
Barnardos
Belfast Islamic Centre
Belfast Multicultural Association
Belfast Telegraph
Cara-Friend
Carers NI
Cedar Foundation
Children in Northern Ireland (CiNI)
Children's Law Centre
Chinese Welfare Association
Ciste Oidhreachta an Chrannchuir
Coimisinéir TÉ do Pháistí & Daoine Óga
Coimisiún Ceart Daonna Thuaisceart Éireann
Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann
Coimisiún Toghcháin TÉ
Coláiste an tSrutháin Mhilis
Coláiste Ollscoile Naomh Muire
Comhairle Aontroma Láir & Thoir
Comhairle Buirge Aontroma agus Bhaile Nua na hArda
Comhairle Buirge Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon
Comhairle Buirge Chósta Chlochán an Aifir agus na nGleannta
Comhairle Buirge na hArda agus an Dúin Thuaidh
Comhairle Caidreamh Pobail TÉ
Comhairle Cathrach Bhéal Feirste
Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh
Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
Comhairle Ceantair Lár Uladh
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSraitha Báin
Comhairle Ealaíon TÉ
Comhairle Músaem Thuaisceart Éireann
Comhairle Óige Thuaisceart Éireann
Comhairlí Comhairleacha Reachtúla
Comhdháil na gCeardchumann
Comhghuaillíocht Seirbhísí Poiblí Thuaisceart Éireann
Commissioner for the Ulster Scots and the Ulster British tradition
Community Places
Cultúrlann Aonach Mhacha
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
Cultúrlann Uí Chanáin
Cumann Gaelach na hEaglaise
Cumann Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann
Deoise Ard Mhacha d'Eaglais na hÉireann
Deoise Chaitliceach an Dúin agus Choinnire
Development Trusts NI
Disability Action
Disability Sport NI
Equality Coalition
Evangelical Alliance
FDA (First Division Association)
Federation of Small Businesses
Foyle Women's Information Network
Gaeláras Mhic Ardghail (An tIúr)
Glór Traidisiúnta na nAontachtaíthe
Guide Dogs for the Blind Association
HERE NI
Indian Community Centre
Institute of Ulster-Scots Studies
Leabharlann Halla an Línéadaigh
Libraries NI
Líonra Pobail na hUltaise
Lóiste Oráiste Mór na hÉireann
Mencap Northern Ireland
Migrant Centre NI
Misean Oirthear Bhéal Feirste (Meitidisteach)
Multi-Ethnic Sports and Cultures NI
Músaem Náisiúnta TÉ
Museums Association
North West Community Network
Northern Ireland Anti-Poverty Network
Northern Ireland Council for Voluntary Action (NICVA)
Northern Ireland Rural Women's Network
Northern Ireland Women's European Platform
Northern Visions
Oifig an Choimisinéara Faisnéise Tuaisceart Éireann
Oifig an Choimisinéara Gaeilge
Ollscoil na Banríona Béal Feirste
Ollscoil Uladh

Páirtí Aontachtach Uladh
Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann
Páirtí Sóisialach agus Daonlathach an Lucht Oibre
Parenting Focus
Pobal Seachas Brabús
Raidió Fáilte
Rainbow Project
Roinn an Taoisigh (Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte)
Royal National Institute for Deaf People NI
Royal National Institute of Blind People
Save the Children
Scáileán Thuaisceart Éireann
Sense NI
Sinn Féin
South Tyrone Empowerment Programme
Special Olympics Ulster
Spórt TÉ
The Baha'i Council for Northern Ireland
The National Deaf Children's Society
The Office of Identity and Cultural Expression
The Representative Church Body (Col)
Training for Women Network Ltd
Transgender NI
Turas
Turasóireacht TÉ
Údarás Oideachais TÉ
Volunteer Now
Wheelworks
Women's Resource and Development Agency

Aguisín 4

Clár ama do bhearta a bheartaítear

(Sceideal 9 4.(3) (b))

Tabhair do d'aire le do thoil gur freagracht an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha (Gníomhaireacht na hUltaise) agus an Phríomhfheidhmeannaigh (Foras na Gaeilge) iad gach gníomh.

	Téama		Bearta gnímh	Tagairt scéime	An chéad spriocdháta eile	
1	An scéim comhionannais a fhorbairt	1.1	An scéim comhionannais a fhorbairt	-	R4 2024	
		1.2	Comhairliúchán a dhéanamh ar an scéim comhionannais	-	R1 2025	
		1.3	Scéim Comhionannais a thabhairt chun críche	-	R1 2025	
		1.4	Í a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais lena faomhadh	-	R2 2025	
2	Foilsiú na Scéime Comhionannais	2.1	Foilsiú ar na suíomhanna gréasáin	mír 9.2	Tar éis fhaomhadh an Choimisiúin	
		2.2	A chur in iúl don phobal go bhfuil an Scéim ar fáil	mír 9.3 pointe 1	Tar éis fhaomhadh an Choimisiúin	
		2.3	A chur in iúl do chomhairlithe go bhfuil an Scéim ar fáil	mír 9.3 pointe 2	Tar éis fhaomhadh an Choimisiúin	
		2.4	Leagan achomair den Scéim Comhionannais a ullmhú agus a scaipeadh ar ghrúpaí agus baill foirne ábhartha	mír 9.3 pointe 4 & mír 5.4	Tar éis fhaomhadh an Choimisiúin	
		2.5	Rochtain a thabhairt don fhoireann ar an Scéim Comhionannais iomlán	mír 5.4	Tar éis fhaomhadh an Choimisiúin	
		2.6	Treoir eolais don fhoireann	mír 5.4	Laistigh de 3 mhí ó fhaomhadh an Choimisiúin	

	Téama		Bearta gnímh	Tagairt scéime	An chéad spriocdháta eile	
3	Forbairt an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais	3.1	Iniúchadh ar neamhionannais a dhéanamh	mír 2.11	R1 2025	
		3.2	Plean Gníomhaíochta Comhionannais a forbairt	mír 2.10	R1-R2 2025	
		3.3	Comhairliúchán a dhéanamh ar iniúchadh ar neamhionannais agus ar an bPlean Gníomhaíochta Comhionannais	mír 2.14	Q2-Q3 2025	
		3.4	An Plean Gníomhaíochta Comhionannais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais	mír 2.10	Laistigh de 6 mhí ó fhaomhadh na scéime comhionannais	
		3.5	Foilsíú ar na suíomhanna gréasáin	mír 2.17	Laistigh de 6 mhí ó fhaomhadh na scéime comhionannais	
		3.6	Infhaighteacht a chur in iúl do chomhairlithe	mír 2.18	R4 2025	
4	Athbhreithniú ar an scéim comhionannais	4.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Comhionannais agus athbhreithniú a ullmhú Tuairisc	mír 10.1	R1 2030	
		4.2	An tuarascáil ar an athbhreithniú a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais	mír 10.3	R1 2030	
		4.3	An tuarascáil a fhoilsíú ar na suíomhanna gréasáin	mír 10.3	R1 2030	
		4.4	Infhaighteacht a chur in iúl do chomhairlithe	mír 10.4	R1 2030	
5	Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Comhionannais	5.1	Athbhreithniú ar an iniúchadh ar neamhionannais agus ar an bplean gníomhaíochta comhionannais	mír 2.15	R1-R2 2030	
		5.2	Comhairliúchán a dhéanamh ar an iniúchadh ar neamhionannais/plean gníomhaíochta comhionannais	mír 2.14	R2 2030	
		5.3	Spriocanna athbhreithnithe a chomhtháthú i bpleananna corparáideacha agus pleananna gnó oibríochtúla	mír 2.15	R3 2030	
		5.4	Athruithe a chur in iúl don Choimisiún Comhionannais	mír 2.16	R3 2030	
		5.5	An tuarascáil nuashonraithe a fhoilsíú ar na suíomhanna gréasáin	mír 2.17	R3-R4 2030	
		5.6	Infhaighteacht a chur in iúl do chomhairlithe	mír 2.18	R3-R4 2030	

	Téama		Bearta gnímh	Tagairt scéime	An chéad spriocdháta eile	
6	Socruithe inmheánacha	6.1	Spriocanna a chomhtháthú isteach sa phlean gnó oibríochtúil	mír 2.5		
		6.2	Pleananna a chomhtháthú isteach i bpleananna corparáideacha	mír 2.5		
		6.3	Sonraíochtaí poist agus pleananna feidhmíochta a nuashonrú nuair is ábhartha	mír 2.6		
7	Athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn	7.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú	mír 2.7		
		7.2	Tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais	mír 2.7		
		7.3	An tuarascáil a fhoilsiú ar na suíomhanna gréasáin	mír 2.8		
		7.4	Tagairt a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil gach Gníomhaireachta	mír 2.7		
8	Liosta comhairlithe	8.1	An liosta comhairlithe a nuashonrú	mír 3.4		
9	Measúnacht polasaithe	9.1	Gach polasaí atá ann a scagthástáil	mír 4.5	Laistigh de bhliain amháin ó fhaomhadh na scéime comhionannais	
		9.2	Gach polasaí nua agus athbhreithniú ar pholasaithe atá ann cheana a scagthástáil	mír 4.5		
		9.3	Na teimpléid scagthástála a fhoilsiú ar na suíomhanna gréasáin	mír 4.24		
		9.4	Tuarascálacha scagthástála ráithe a fhoilsiú agus comhairlithe a chur ar an eolas	míreanna 4.24 & 4.25		
		9.5	Preaseisiúintí etc. a eisiúint de réir mar is cuí	mír 4.26		
		9.6	MTCanna a dhéanamh ar pholasaithe atá ann cheana a dhéanamh de réir mar is gá	mír 4.17	Laistigh de 2 bhliain ó fhaomhadh na scéime comhionannais	
		9.7	MTCanna a dhéanamh ar polasaithe nua agus athbhreithnithe polasaithe atá ann cheana de réir mar is gá	mír 4.17		
		9.8	Tuarascálacha MTC a fhoilsiú ar na suíomhanna gréasáin	mír 4.24		
		9.9	Preaseisiúintí etc. a eisiúint de réir mar is cuí	mír 4.26		

	Téama		Bearta gnímh	Tagairt scéime	An chéad spriocdháta eile	
		9.10	Monatóireacht a dhéanamh ar MTCanna	mír 4.31		
10	Monatóireacht	10.1	Córais mhonatóireachta a chur ar bun	mír 4.29	R4 2025	
		10.2	Faisnéis mhonatóireachta a athbhreithniú agus tuarascáil a ullmhú	mír 4.31	R4 2025	
		10.3	An tuarascáil a fhoilsiú ar na suíomhanna gréasáin	mír 4.34	R4 2025	
		10.4	Torthaí a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn	mír 4.33	R4 2025	
11	Oiliúint foirne	11.1	Plean oiliúna foirne mionsonraithe a dhréachtú	mír 5.3		
		11.2	Clár oiliúna a chur i bhfeidhm	mír 5.4		
		11.3	Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gclár oiliúna	mír 5.6		
		11.4	Ábhair ionductúcháin a nuashonrú	mír 5.4		
		11.5	Athoiliúint a thabhairt	mír 5.4	Laistigh de bhliain amháin ón treoir eolais don fhoireann (féach 2.6 thuas)	
12	Rochtain ar eolas agus seirbhísí	12.1	Socruithe a dhéanamh chun eolas a chur ar fáil i bhformáidí malartacha	mír 6.3	Leanúnach	
		12.2	Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe chun rochtain ar eolas agus seirbhísí a chinntiú	mír 6.7	Laistigh de bhliain amháin ó fhaomhadh na scéime comhionannais	

Aguisín 5

Gluais téarmaí

Acht Thuaisceart Éireann Fuair Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*), a chuir i bhfeidhm Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta, Aontú na Banríona ar an 19 Samhain 1998. Chruthaigh Alt 75 den Acht na dualgais reachtúla chomhionannais.

Alt 75 Déanann Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (*Northern Ireland Act*) foráil go gcaithfidh aird chuí a bheith ag gach údarás poiblí, agus é ag cur a chuid feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann de láimh, ar an ngá comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta agus claonadh gnéis dóibh;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Comhairliúchán I gcomhthéacs Alt 75, is é is comhairliúchán ann an próiseas ina n-iarrtar orthu siúd a dtéann polasaí i bhfeidhm orthu (i.e. lucht úsáide seirbhíse, baill foirne, an pobal i gcoitinne) a dtuairimí maidir le conas a d'fhéadfaí an polasaí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí chun an comhionannas deiseanna a chur chun cinn sna 9 gcatagóir. Éileoidh tosca éagsúla cineálacha éagsúla comhairliúcháin. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar chomhairliúcháin, mar shampla, cruinnithe, fócasghrúpaí, suirbhéanna agus ceistneoirí.

Comhionannas deiseanna Leithcheal a chosc, deireadh a chur leis nó é a rialú idir daoine ar chúiseanna tréithe lena n-áirítear gnéas, stádas pósta, aois, míchumas, creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, cleithiúnaithe, cine agus claonadh gnéis.

Tá níos mó ná deireadh a chur le leithcheal i gceist le cur chun cinn an chomhionannais deiseanna. Éilíonn sé bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun comhionannas deiseanna a shlánú idir na catagóirí a shainaithnítear faoi Alt 75.

Dea-chaidreamh Cé nach sainmhínítear é sa reachtaíocht, chomhaontaigh an Coimisiún Comhionannais an sainmhíniú oibre seo a leanas ar an dea-chaidreamh: 'fás caidreamh agus struchtúr do

Thuaisceart Éireann a aithníonn comhthéacs reiligiúnach, polaitiúil agus cine na sochaí seo, agus a fhéachann le meas, cothromas agus muinín a chur chun cinn, agus glacadh leis an éagsúlacht ina foirmeacha uile’.

Gan dochar do na hoibleagáidí seo, ní mór do gach údarás poiblí, agus é ag cur a chuid feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann de láimh, aird a bheith aige ar a inmhianaithe agus atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh.

Iniúchadh ar neamhionannais

Is é is iniúchadh ar neamhionannais ann ná athbhreithniú córasach agus anailís chórasach ar neamhionannais atá ann do lucht úsáide seirbhíse agus do dhaoine a n-imríonn beartais údaráis phoiblí tionchar orthu. Is féidir le húdarás poiblí iniúchadh a dhéanamh chun eolas a dhéanamh dá chuid oibre maidir le dualgais chomhionannais Alt 75 agus an dea-chaidreamh. Is féidir leis freisin údaráis phoiblí a chumasú chun dul chun cinn ar chur i bhfeidhm dhualgais reachtúla Alt 75 a mheasúnú, mar cuireann sé ar fáil faisnéis bhonnlíne maidir le neamhionannais atá ann cheana féin a bhaineann le feidhmeanna údaráis phoiblí.

Measúnacht tionchair comhionannais

An sásra a chuireann bonn faoi Alt 75, mar a ndéantar polasaithe atá ann cheana agus atá beartaithe a mheasúnú chun a dheimhniú cé acu atá nó nach bhfuil tionchar díobhálach acu ar chomhionannas deiseanna do chatagóirí ábhartha Alt 75. Éilíonn measúnachtaí tionchair comhionannais anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon.

Monatóireacht

Is é atá sa mhonatóireacht grinnscrúdú agus measúnú leanúnach ar pholasaí chun a thionchar ar chatagóirí Alt 75 a mheasúnú.

Is é atá sa mhonatóireacht faisnéis ábhartha a bhailiú agus polasaithe a mheasúnú. Ní bhaineann sé le sonraí a bhailiú amháin, is féidir gur cruinnithe rialta agus tuairisciú ar thaighde a rinneadh atá i gceist. Ní sprioc ann féin í an mhonatóireacht, ach cuireann sí ar fáil na sonraí don chéad timthriall eile scagthástála.

Neamhionannas

Nuair atá tionchar difriúil nó éagothrom ag rud éigin a dhéanann eagraíocht ar dhuine ar bith de na grúpaí a liostaítear i sainmhíniú Alt 75 thíos.

Plean Gníomhaíochta Comhionannais

Plean ina leagtar amach gníomhartha a dhéanfaidh údarás poiblí chun a dhualgais reachtúla Acht 75 a chur i bhfeidhm. Is sásra é chun bearta a chur i gcrích chun torthaí comhionannais a bhaint amach do chatagóirí comhionannais agus dea-chaidrimh Alt 75 a bhaint amach.

Polasaí

Na cinntí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a dhéanann údarás poiblí maidir lena dhualgais a ghabháil de láimh. Sainmhínítear an focal Béarla 'policy' in *New Oxford English Dictionary* mar 'a course or principle of action adopted or proposed by a government party, business or individual'. I gcomhthéacs Alt 75, sainmhínítear 'polasaí' go han-leathan agus cuimsíonn sé na bealaí go léir a ndéanaimid nó a bheartaímid ár bhfeidhmeanna a dhéanamh maidir le Tuaisceart Éireann. Áirítear le polasaithe polasaí neamhscríofa chomh maith le polasaithe scríofa.

Príomhshruthú

Comhtháthú na bprionsabal, straitéisí agus cleachtas a bhaineann le comhdheiseanna isteach in obair uile lae údarás poiblí ón tús. I bhfocail eile, is é is príomhshruthú ann an próiseas a bhaineann lena chinntiú go gcuirtear ceisteanna comhionannais isteach sa phróiseas forbartha polasaí ón tús go dtí an deireadh, seachas iad a ghreamú air ag an deireadh. Is féidir leis an bpríomhshruthú cabhrú modhanna oibre a fheabhsú trí chuntasacht údaráis phoiblí, a bhfreagrúlacht ar riachtanas agus a gcaidrimh leis an bpobal a mhéadú. Is féidir leis luach breise a thabhairt ar mhórán leibhéal.

Scagthástáil

An nós imeachta chun a shainaithint cad iad na polasaithe a bheidh faoi réir measúnacht tionchair comhionannais, agus conas a chuirfear na measúnachtaí tionchair comhionannais seo in ord tosaíochta. Is é an cuspóir a bhaineann le scagthástáil na polasaithe a aithint ar dócha go mbeadh tionchar beag nó mór acu ar chomhionannas deiseanna ionas gur féidir na hacmhainní is mó a thiomnú do na polasaithe seo a fheabhsú. Éilíonn scagthástáil athbhreithniú córasach ar pholasaithe atá ann cheana agus polasaithe beartaithe.

Scéim comhionannais

Doiciméad a thugann breac-chuntas ar shocruithe údaráis phoiblí chun cloí lena oibleagáidí Alt 75. Ní mór breac-chuntas a bheith i scéim comhionannais ar shocruithe údaráis phoiblí chun comhairliúcháin, scagthástáil, measúnachtaí tionchair comhionannais agus monatóireacht a dhéanamh agus ar shocruithe chun rochtain a chinntiú ar eolas agus ar sheirbhísí.